**Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 97(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle in earnáil an fhíona**

(2023/C 317/14)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

**'Terre Abruzzesi' / 'Terre d'Abruzzo'**

**PGI-IT-02874**

**Dáta cur i bhfeidhm: 10.11.2022**

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

Terre Abruzzesi / Terre d'Abruzzo

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC — Tásc Geografach faoi Chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon

8. Fíon leathshúilíneach

15. Fíon ó fhíonchaora rísínithe

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionnta**

1. *Bianco* [geal] tásc den chineál fíonchaoire gile a bheith ann nó gan é a bheith ann - Catagóir: Fíon

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Dath: buí ar dhath na tuí de dhéine athraitheach;

Dea-bholadh: dea-bholaithe torthaíocha agus bláthacha den chuid is mó de dhéine athraitheach ag brath ar an gcineál fíonchaoire, le himireacha torthaí ina bhfuil bia bán agus torthaí trópaiceacha;

Blas: idir tirim agus leath-thirim, le hiarbhlas torthaí ina bhfuil bia bán agus bia buí den chuid is mó, bláthanna bána agus buí uaireanta, le marthanacht mhaith agus tathag;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,00 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14,0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4,0 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

2. *Bianco Frizzante* [geal leathshúilíneach] - Catagóir: Fíon leathshúilíneach

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Cúr: fíneálta agus gearrshaolach;

Dath: buí ar dhath na tuí de dhéine athraitheach;

Dea-bholadh: torthaíoch ar bhealach deas, le himireacha úll agus torthaí trópaiceacha;

Blas: idir tirim agus leath-thirim, mianrach, le hiarbhlas torthaí ina bhfuil bia bán agus torthaí trópaiceacha, le marthanacht mhaith;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,00 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14,0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4,0 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

3. *Rosso* [dearg] tásc den chineál fíonchaoire duibhe a bheith ann nó gan é a bheith ann - Catagóir: Fíon

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Dath: dath an rúibín de dhéine athraitheach;

Dea-bholadh: dea-bholaithe torthaíocha is mó de dhéine athraitheach ag brath ar an gcineál fíonchaoire, le himireacha silíní Amarena agus torthaí aibí dearga beaga agus blasanna plandúla iontu;

Blas: idir tirim agus leath-thirim, beagán tainneach, le hiarbhlas torthaí aibí dearga, le tathag maith agus marthanacht;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,50 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18,0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4,0 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

4. *Rosso Frizzante* [dearg leathshúilíneach] - Catagóir: Fíon leathshúilíneach

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Cúr: fíneálta agus gearrshaolach;

Dath: dath an rúibín de dhéine athraitheach;

Dea-bholadh: torthaíoch, agus imireacha silíní Amarena agus torthaí aibí beaga dearga ann;

Blas: idir tirim agus leath-thirim, le hiarbhlas torthaí dearga agus tathag maith;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,50 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18,0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4,0 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

5. *Rosato* [rosé] tásc de na cineálacha fíonchaoire Merlot, Sangiovese, Pinot Nero agus Pinot Grigio a bheith ann nó gan é a bheith ann - Catagóir: Fíon

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Dath: bándearg de dhéine athraitheach;

Dea-bholadh: dea-bholaithe torthaíocha den chuid is mó de dhéine athraitheach ag brath ar an gcineál fíonchaoire, spíosrach ar bhealach deas, le blasanna éadroma plandaí agus torthaí trópaiceacha;

Blas: idir tirim agus leath-thirim, le hiarbhlas torthaí agus spíosraí, bog le tathag maith agus marthanach;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,50 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 15,0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4,0 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

6. *Rosato Frizzante* [rosé leathshúilíneach] - Catagóir: Fíon leathshúilíneach

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Cúr: fíneálta agus gearrshaolach;

Dath: bándearg de dhéine athraitheach;

Dea-bholadh: dea-bholaithe torthaíocha den chuid is mó de dhéine athraitheach ag brath ar an gcineál fíonchaoire, spíosrach ar bhealach deas, le blasanna éadroma plandaí agus torthaí trópaiceacha;

Blas: idir tirim agus leath-thirim, le hiarbhlas torthaí agus spíosraí, bog, le tathag maith agus marthanach;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,50 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 15,00 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4,0 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

7. *Bianco Passito* [gealrísínithe] - Catagóir: Fíon ó fhíonchaora rísínithe

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Dath: buí agus dath ómra ag teacht air le haois;

Dea-bholadh: torthaí triomaithe milse, céadar, aibreog agus mil;

Blas: idir tirim agus milis, agus blasanna torthaí triomaithe air;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 16,00 %; ina bhfuil 11,00 % d’alcól iarbhír ar a laghad;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 22,0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4,0 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

8. *Rosso Passito* [dearg rísínithe] - Catagóir: Fíon ó fhíonchaora rísínithe

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Dath: dath dearg de dhéine athraitheach, agus dath an ghairnéid ag teacht air le haois;

Dea-bholadh: torthaí dearga aibí, silíní Amarena, plumaí agus subh;

Blas: idir tirim agus milis, le dea-struchtúr agus blasanna torthaí dearga triomaithe, marthanach;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 16,00 %; ina bhfuil 11,00 % d’alcól iarbhír ar a laghad;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 22,0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4,0 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

9. *Novello* [nua] - Catagóir: Fíon

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Dath: dath an rúibín, uaireanta le himireacha vialaite;

Dea-bholadh: torthaíoch, le himireacha de shilíní, sméara dubha agus fraocháin ghorma;

Blas: úr, blasanna torthaí dearga, bog agus tainniní síodúla;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,00 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18,0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4,0 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. 'Terre Abruzzesi' / 'Terre d'Abruzzo' *Passito Bianco* agus *Passito Rosso*

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Féadfar fíonchaora a úsáidfear chun fíonta a dhéanamh ag a bhfuil tásc geografach faoi chosaint 'Terre Abruzzesi' / 'Terre d'Abruzzo' *Passito* a fhágáil le triomú ar an bhfíniúin nó, tar éis na buana, a thriomú trí cheann de na modhanna a cheadaítear le reachtaíocht. Ag deireadh an phróisis triomaithe, ní mór neart alcóil nádúrtha nach lú ná 16 % de réir toirte a bheith ag na fíonchaora.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. 'Terre Abruzzesi' / 'Terre d'Abruzzo' *Bianco, Bianco Frizzante* agus *Passito Bianco*

   26 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. 'Terre Abruzzesi' / 'Terre d'Abruzzo' *Rosso, Rosato, Rosso Frizzante, Rosso Novello* agus *Passito Rosso*

   24 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. 'Terre Abruzzesi' / 'Terre d'Abruzzo' ar a bhfuil tásc na gcineálacha fíonchaoire geala nó duibhe

   22 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Fíonta atá incháilithe chun an tásc geografach faoi chosaint 'Terre Abruzzesi' / 'Terre d'Abruzzo' a bheith orthu, bíonn na fíonta sin déanta as fíonchaora a fhástar i limistéar táirgthe ina bhfuil críoch riaracháin iomlán Réigiún Abruzzo.

7. **Cineálacha fíonchaoire**

Aglianico N.

Barbera N.

Barbera Bianca B.

Biancame B.

Bombino Bianco B.

Cabernet Volos N.

Cabernet Franc N. - Cabernet

Cabernet Sauvignon N. - Cabernet

Calabrese N.

Canaiolo Nero N. - Canaiolo

Cannonau N.

Chardonnay B.

Ciliegiolo N.

Cococciola B.

Dolcetto N.

Dorona B.

Falanghina B.

Fiano B.

Gaglioppo N.

Garganega B.

Grechetto B.

Greco B.

Incrocio Manzoni 2-3 B.

Kerner B.

Maiolica N.

Malbech N.

Malvasia Istriana B. - Malvasia

Malvasia Bianca Lunga B. - Malvasia

Malvasia Bianca di Candia B. - Malvoisie

Malvasia del Lazio B. - Malvasia

Marzemino N.

Merlot Kanthus N.

Merlot N.

Montepulciano N.

Montonico Bianco B. - Montonico

Moscato Bianco B. - Moscato

Mostosa B.

Nebbiolo N.

Palava B.

Passerina B.

Pecorino B.

Petit Manseng B.

Petit Verdot N

Pinot Bianco B. - Pinot

Pinot Grigio - Pinot

Pinot Nero N. - Pinot

Primitivo N.

Refosco Nostrano N. - Refosco

Riesling Italico B. - Riesling

Riesling Italico B. - Welschriesling

Sangiovese N.

Sauvignon B.

Sauvignon Kretos B.

Semillon B.

Sorèli B.

Sylvaner Verde B. - Silvaner

Syrah N.

Tannat N.

Terrano N.

Tocai Friulano B. - Friulano

Traminer Aromatico Rs

Trebbiano Abruzzese B. - Trebbiano

Trebbiano Toscano B. - Trebbiano

Veltliner B.

Verdicchio Bianco B. - Verdicchio

Vermentino B.

Viogner B.

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

8.1. *'Terre Abruzzesi' / 'Terre d'Abruzzo', gach catagóir fíona (fíon, fíon leathshúilíneach, fíon ó fhíonchaora rísínithe)*

Mionsonraí an limistéir gheografaigh.

— Tosca nádúrtha is ábhartha don nasc:

Cumhdaíonn an limistéar TGFC críoch Réigiún Abruzzo.

Cúige Chieti

Tá limistéar cósta cnocach leathan i gcúige Chieti, a théann ó abhainn an Trigno, na cnoic intíre ina dhiaidh agus ar deireadh na bunchnoic, a shíneann chomh fada le bun mhasaíf Maiella agus sléibhte Frentani san iarthuaisceart. Tá limistéar intíre ann freisin, ar theorainn chúige L'Aquila ó thuaidh agus Réigiún Molise ó dheas, ar féidir a mheas gur limistéar sléibhtiúil é. Tá na cnoic chréúla feadh roinnt tuilemhánna gainmheacha agus créúla a chruthaigh aibhneacha an Foro, an Sangro, an Sinello agus an Trigno agus cruthaítear tírdhreach droimneach leo, ina bhfuil mullóga leathana atá beagnach cothrom, agus fánaí atá réidh agus cruinn ar minic a mbristear isteach orthu go tobann le fánaí géara, nó ingearacha fiú, a rinneadh trí chreimeadh foircneach (clasáin). Nach mór i gcónaí is go cothrom a dháiltear an t-ábhar ar na hithreacha talmhaíochta, rud a chruthaíonn ithreacha ina bhfuil struchtúr gainmheach créúil; is iondúil go mbíonn siad scaoilte agus doimhneacht acu a bhíonn éagsúil ag brath ar an ngrádán agus ar an oscailteacht. Bíonn an choinneáil uisce idir meánach agus íseal agus leibhéal idir íseal agus measartha de chothaithigh agus de húmas i gceist. Ar thalamh a bhfuil grádán níos lú ná 25 % agus oscailteacht mhaith aige, úsáidtear na hithreacha sin le haghaidh fíonóireachta agus saothrúológ, atá mar bhealaí coiteanna chun an ithir a

shaothrú agus í a chosaint freisin ó chreimeadh brostaithe. Titeann idir 650 mm de bháisteach in aghaidh na bliana ar an meán ar na fánaí cósta agus níos mó ná 800 mm in aghaidh na bliana ar na cnoic intíre. Is idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag a bhíonn an tréimhse is fliche (thart ar 80 mm/mí), agus is í mí Iúil an mhí ina mbíonn an dearbh-bháisteach is ísle (idir 30 mm agus 40 mm). Bíonn an aeráid measartha, a athraíonn go measartha te sna míonna samhraidh. Bíonn na meánteochtaí idir 13 °C i mí Aibreáin agus 15 °C i mí Dheireadh Fómhair, agus bíonn teocht uasta 25 °C ann le linn mhíonna Iúil agus Lúnasa. Bíonn éagsúlachtaí nach beag freisin sa teocht idir lá agus oíche, agus is é is cúis leis sin, i bpáirt, gaireacht mhasaíf Maiella, rud a chruthaíonn dálaí optamacha i gcomhair carnadh substaintí aramatacha sna fíonchaora agus as a dtagann fíonta a bhfuil boladh dian agus sainiúil uathu. Bíonn innéacs teirmeach Winkler, i.e. an mheánteocht ghníomhach le linn na tréimhse ó mhí Aibreáin go mí Dheireadh Fómhair, idir 1 700 lá céime (limistéir intíre) agus 2 300 lá céime (limistéir chósta), rud a chruthaíonn dálaí a áirithíonn aibiú optamach cineálacha luatha amhail Chardonnay, Pinot agus Moscato, cineálacha meánacha amhail Pecorino, Trebbiano agus Malvasia, agus cineálacha níos déanaí amhail Cococciola, Falanghina, Montepulciano agus Montonico.

Cúige L'Aquila

Tá moirfeolaíocht ag cúige L'Aquila atá tipiciúil de limistéar sléibhtiúil agus tírdhreach aige atá an-gharbh agus míchothrom, go háirithe an chuid sin atá níos faide intíre gar do Mhullach Apennine, áit a bhfuil léibhinn abhann/ghlárach ársa agus le gairid agus leapacha abhann. Tá sléibhte Abruzzo atá mar shaintréith de chúige L'Aquila mar chuid de raon lárnach agus deisceartach Appenine agus cruthaítear leo an chuid is leithne, is airde agus is dlúithe de na hAipiníní. Tá dlús agus galántacht na sléibhte seo mar gheall ar fhorleithne agus tiús aolchloiche (aolchloch dhlúth go háirithe ach aolchloch dholaimíteach freisin), agus gnéithe carst go minic, go háirithe hidreagrafaíocht dromchla ina mbíonn na sreafaí uisce eadrannach nó in éagmais. Ní fhástar fíniúnacha ach amháin i gcúpla limistéar, go háirithe sna habhantracha gláracha intíre idir na sléibhte (Alto Tirino, Valle Peligna, Valle Subequana, Valle Roveto), ar ithreacha dea-dhraenáilte a bhfuil oscailteacht mhaith agus cion cothaitheach leordhóthanach acu. Tá an aeráid measartha go ginearálta, le geimhrí an-fhuara agus fada. Bíonn na meánteochtaí bliantúla idir 10 °C agus 12 °C, agus bíonn teochtaí uasta 23-25 °C ann i mí Iúil. Bíonn an fhrasaíocht bhliantúil thart ar 800 mm in aghaidh na bliana agus scaipthe go cothrom ar feadh na bliana (ó 40 mm i mí Iúil agus mí Lúnasa go 70 mm i mí na Samhna agus mí na Nollag). Bíonn innéacs teirmeach Winkler, i.e. an mheánteocht ghníomhach le linn na tréimhse ó mhí Aibreáin go mí Dheireadh Fómhair, idir 1 600 agus 2 000 lá céime, rud a chruthaíonn dálaí a áirithíonn aibiú optamach de na cineálacha a fhástar go háitiúil (bíodh cineálacha luatha nó measartha-déanacha i gceist).

8.2. *'Terre Abruzzesi' / 'Terre d'Abruzzo', gach catagóir fíona (fíon, fíon leathshúilíneach, fíon ó fhíonchaora rísínithe)*

Mionsonraí an limistéir gheografaigh.

— Tosca nádúrtha is ábhartha don nasc:

Cúige Pescara

Is féidir a mheas gur cúige sléibhtiúil é Pescara, ach amháin stráice caol ar theorainn na dtrí chúige eile den réigiún. Limistéar cósta cnocach leathan ollmhór atá ann, na cnoic intíre ina dhiaidh agus ar deireadh na bunchnoic, a shíneann chomh fada le bun mhasaífí Gran Sasso agus Maiella. Ithreacha donna, ithreacha aolchloiche donna (reigeasail agus veirteasail) agus ithreacha Meánmhuirí donna atá sna hithreacha den chuid is mó. Ar thalamh a bhfuil a aghaidh ó dheas agus a bhfuil grádán níos lú ná 25 % aige, úsáidtear na hithreacha sin le haghaidh fíonóireachta agus saothrú ológ, atá mar bhealaí coiteanna chun an ithir a shaothrú agus í a chosaint freisin ó chreimeadh brostaithe. Titeann idir 600 mm de bháisteach in aghaidh na bliana ar an meán ar na fánaí cósta agus níos mó ná 800 mm in aghaidh na bliana ar na cnoic intíre. Is idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag a bhíonn an tréimhse is fliche (thart ar 80 mm/mí), agus is í mí Iúil an mhí ina mbíonn an dearbh-bháisteach is ísle (idir 30 mm agus 40 mm). Bíonn an aeráid measartha, agus bíonn na meánteochtaí bliantúla idir 13 °C i mí Aibreáin agus 15 °C i mí Dheireadh Fómhair, agus bíonn teocht uasta 25 °C ann le linn mhíonna Iúil agus Lúnasa. Bíonn éagsúlachtaí nach beag freisin sa teocht idir lá agus oíche, agus is é is cúis leis sin, i bpáirt, gaireacht mhasaífí Gran Sasso agus Maiella, agus is maith an aeráil a bhíonn ann, rud a chruthaíonn dálaí optamacha i gcomhair shláinte na bhfíonchaor agus carnadh substaintí aramatacha iontu as a dtagann fíonta a bhfuil boladh dian agus sainiúil uathu. Bíonn innéacs teirmeach Winkler, i.e. an mheánteocht ghníomhach le linn na tréimhse ó mhí Aibreáin go mí Dheireadh Fómhair, idir 1 700 lá céime (limistéir intíre) agus 2 300 lá céime (limistéir chósta), rud a chruthaíonn dálaí a áirithíonn aibiú optamach cineálacha luatha amhail Chardonnay, Sauvignon, Moscato agus Incrocio Manzoni, cineálacha measartha déanach amhail Pecorino, Malvasia agus Trebbiano, agus cineálacha déanacha amhail Montepulciano.

Cúige Teramo

Limistéar cósta cnocach leathan ollmhór atá i gcúige Teramo, na cnoic agus na bunchnoic intíre ina dhiaidh, a shíneann chomh fada le bun mhasaíf Gran Sasso sa chuid lárnach agus dheisceartach, agus Monti della Laga, sa tuaisceart. Tá cré-ithreacha siolta ag an limistéar agus sraitheanna níos scaoilte sna limistéir chósta agus fánaí sách réidh a bhfuil oscailteacht mhaith acu. Úsáidtear é le haghaidh fíonóireachta agus saothrú ológ, atá mar bhealaí coiteanna chun an ithir a shaothrú agus í a chosaint freisin ó chreimeadh brostaithe. Titeann idir 600 mm de bháisteach in aghaidh na bliana ar an meán ar na fánaí cósta agus níos mó ná 800 mm in aghaidh na bliana ar na cnoic intíre. Dáiltear an bháisteach go maith i rith na bliana, agus níos mó báistí ag titim idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag (thart ar 70 mm in aghaidh na míosa), agus is í mí Iúil an mhí ina dtiteann an méid is lú báistí (thart ar 40 mm). Bíonn an aeráid te agus measartha, agus bíonn meánteochtaí bliantúla idir 13 °C i mí Aibreáin agus 15 °C i mí Dheireadh Fómhair, agus bíonn teochtaí uasta 24-25 °C ann le linn mhíonna Iúil agus Lúnasa. Bíonn éagsúlachtaí nach beag freisin sa teocht idir lá agus oíche, agus is é is cúis leis sin, i bpáirt, gaireacht mhasaíf Gran Sasso agus Monti della Laga, agus is maith an aeráil a bhíonn ann, rud a chruthaíonn dálaí optamacha i gcomhair shláinte na bhfíonchaor agus carnadh substaintí aramatacha iontu as a dtagann fíonta a bhfuil boladh dian agus sainiúil uathu. Bíonn innéacs teirmeach Winkler, i.e. an mheánteocht ghníomhach le linn na tréimhse ó mhí Aibreáin go mí Dheireadh Fómhair, idir 1 800 lá céime (limistéir intíre) agus 2 200 lá céime (limistéir chósta), rud a áirithíonn go n-aibíonn na cineálacha uile a fhástar sa limistéar go hiomlán agus mar is ceart, idir na cineálacha luatha amhail Chardonnay agus Sauvignon, agus cineálacha meánacha amhail Trebbiano Pecorino, agus Passerina, agus cineálacha déanacha amhail Montonico agus Montepulciano.

8.3. *Catagóir 'Terre Abruzzesi' / 'Terre d'Abruzzo': Fíon*

— Faisnéis maidir le tréithe sonracha táirge is féidir a chur i leith a thionscnaimh gheografaigh, agus nasc cúisíoch leis an limistéar geografach:

Bíonn na dea-bholaithe atá tipiciúil de thorthaí dearga d'aibíocht éagsúil ag na fíonta dearga agus rosé araon, amhail silín agus sméar dhubh, le blasanna plandúla agus spíosracha freisin uaireanta. Tá na fíonta casta agus aigéadacht mhaith acu agus blas idir tirim agus leath-thirim uathu. Tá dea-struchtúr acu in éineacht le méid mór críochnúlachta agus fíneálta. Bíonn na fíonta geala úr agus cumhra, le dea-bholaithe de thorthaí a bhfuil bia bán iontu agus de thorthaí trópaiceacha agus bláthanna. Tá na fíonta casta ó thaobh na boltanacha de agus marthanacht mhaith acu agus blas idir tirim agus leath-thirim, agus blasanna blasta agus mianra acu uaireanta. Tá aigéadacht mhaith acu agus méid mór críochnúlachta agus fíneálta.

Eascraíonn saintréithe sonracha na bhfíonta sin ó thopagrafaíocht áirithe an limistéir, agus cnoic ghrianmhara ollmhóra ina saintréithe acu in éineacht le Muir Aidriad a bheith ann san oirthear agus masaífí Gran Sasso agus Maiella san iarthuaisceart agus san iardheisceart faoi seach, lena gcothaítear cruthú sreafaí aeir suntasacha (leoithní). Is iad sin na dálaí is fearr d'fholláine na bhfíonchaor agus leis na fíonchaora a aibiú chomh maith le carnadh substaintí aramatacha sna fíonchaora, as a dtagann fíonta a bhfuil boladh dian agus sainiúil uathu.

— Idirghníomhaíocht chúisíoch idir gnéithe an limistéir gheografaigh agus cáilíocht agus saintréithe an táirge atá inchurtha go bunúsach i leith na timpeallachta geografaí:

Cinntear tréithe cáilíochta na bhfíonta sin den chuid is mó ag na dálaí áirithe ithreach agus dálaí aeráide an limistéir táirgthe. Leis an aeráid mheasartha, ithreacha dea-dhraenáilte le hinfhaighteacht mhaith uisce agus éagsúlachtaí móra idir na teochtaí i gcaitheamh an lae agus istoíche agus na fíonchaora á n-aibiú, áirithítear aibiú is fearr na dtriopall fíonchaoire, as a thagann fíonchaora a bhfuil cion siúcra agus cion aigéid mhaith iontu. Leis na paraiméadair sin in éineacht le saintréithe sonracha na gcineálacha a fhástar, is féidir fíonta ar ardchaighdeán a fháil a bhfuil próifílí orgánaileipteacha measartha casta agus saintréithe suaithinseacha acu, a bhfuil nasc láidir acu leis an limistéar táirgthe agus leis an gcineál fíonchaoire as a ndéantar iad.

8.4. *Catagóir 'Terre Abruzzesi' / 'Terre d'Abruzzo': Fíon leathshúilíneach*

— Faisnéis maidir le tréithe sonracha táirge is féidir a chur i leith a thionscnaimh gheografaigh, agus nasc cúisíoch leis an limistéar geografach:

Bíonn cúr fíneálta agus gearrshaolach ag na fíonta leathshúilíneacha geala, dearga agus rosé, blasanna torthaíocha agus bláthacha measartha buan agus blas idir tirim agus leath-thirim, a bhfuil struchtúr aigéadach agus castacht mhaith acu. Eascraíonn saintréithe sonracha na bhfíonta sin ó thopagrafaíocht áirithe an limistéir, agus cnoic

ghrianmhara ollmhóra ina saintréithe acu in éineacht le Muir Aidriad a bheith ann san oirthear agus masaífí Gran Sasso agus Maiella san iarthuaisceart agus san iardheisceart faoi seach, lena gcothaítear cruthú sreafaí aeir suntasacha (leoithní). Is iad sin na dálaí is fearr d'fholláine na bhfíonchaor chomh maith le carnadh substaintí aramatacha sna fíonchaora, as a dtagann fíonta a bhfuil boladh dian agus sainiúil uathu.

— Idirghníomhaíocht chúisíoch idir gnéithe an limistéir gheografaigh agus cáilíocht agus saintréithe an táirge atá inchurtha go bunúsach i leith na timpeallachta geografaí:

Tá saintréithe sonracha na bhfíonta leathshúilíneacha mar thoradh ar dhálaí ithreach agus aeráide sa limistéar táirgthe, in éineacht le tosca daonna a raibh tionchar acu ar acmhainneacht fíoneolaíochta na bhfíonchaor agus ar na teicneolaíochtaí próiseála. Dá bhrí sin, tá nasc cúisíoch láidir idir cáilíocht shonrach na dtáirgí agus a dtionscnamh geografach.

8.5. *Catagóir 'Terre Abruzzesi' / 'Terre d'Abruzzo': Fíon ó fhíonchaora rísínithe*

— Faisnéis maidir le tréithe sonracha táirge is féidir a chur i leith a thionscnaimh gheografaigh, agus nasc cúisíoch leis an limistéar geografach:

Déantar fíonta geala *Passito* go príomha as fíonchaora áitiúla amhail Trebbiano Abruzzese agus fíonchaora aramatacha fhinte Moscato agus Malvasia. Bíonn idir dath buí agus dath ómrach orthu, agus dea-bholadh dian de thorthaí aibí agus mil uathu. Féadfaidh blas éagsúil idir tirim agus milis a bheith aige agus é an-mharthanach. Táirgtear fíonta dearga *Passito* go príomha trí na fíonchaora a fhágáil le triomú ar an bhfíniúin (go príomha Montepulciano, ar a aonair nó in éineacht le cineálacha idirnáisiúnta amhail Merlot, Cabernet Sauvignon agus Syrah). Tá dath an rúibín orthu agus dath an ghairnéid ag teacht orthu. Aosaíonn na fíonta go maith; tá struchtúr agus tathag maith acu, agus cion ard alcóil iontu. Ní tháirgtear na fíonta sin ach amháin sna limistéir is grianmhaire, is aeráilte agus is tirime, a thugann na dálaí is fearr chun fíonchaora sláintiúla ró-aibí a fháil atá saibhir i siúcra ach thar aon ní eile i substaintí aramatacha a léirítear go hiomlán sna fíonta a dhéantar.

— Idirghníomhaíocht chúisíoch idir gnéithe an limistéir gheografaigh agus cáilíocht agus saintréithe an táirge atá inchurtha go bunúsach i leith na timpeallachta geografaí:

Tagann taitneamhacht na bhfíonta *Passito* a dtugtar tuairisc orthu as cáilíocht na bhfíonchaor, in éineacht leis na dálaí ithreach agus aeráide agus topagrafaíocht shonrach an limistéir táirgthe. Chun amhábhair mar sin a fháil braitheann sé go háirithe ar an éagsúlacht shuntasach idir teochtaí lae agus oíche le linn aibithe na dtriopall. In éineacht leis an aeráil den scoth, áirithítear leis sin go mbuantar fíonchaora sláintiúla a bhfuil próifíl aigéadach agus aramatach cothromaithe acu.

Maidir leis na fíonta sin freisin, tá nasc cúisíoch láidir idir cáilíocht shonrach an táirge agus a dtionscnamh geografach dá bhrí sin.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

—

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/18784